European Parliament

Council of the European Union

European Commission

# Tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú an Chláir Trédhearcachta, 2022

## Arna thíolacadh ag Bord Bainistíochta an Chláir Trédhearcachta

## do

## Pharlaimint na hEorpa, do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus don Choimisiún Eorpach

Tá tuarascáil bhliantúil maidir le feidhmiú an Chláir Trédhearcachta le cur faoi bhráid na n-institiúidí is sínitheoirí, i gcomhréir le hAirteagal 13(3) den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach, arna shíniú an 20 Bealtaine 2021.

Sa tuarascáil seo leagtar amach faisnéis fhíorasach maidir leis an gClár Trédhearcachta, inneachar an Chláir agus aon athruithe a bhaineann leis in 2022. Tugtar tuairisc inti freisin ar na bearta coinníollachta agus ar na bearta comhlántacha trédhearcachta atá i bhfeidhm sna hinstitiúidí is sínitheoirí an bhliain chéanna.

**Clár**

I. Achoimre feidhmiúcháin ... 3
II. Réamhrá ... 3
1. Rialachas ... 4
2. An clár éigeantach a chur chun feidhme ... 4
III. Bearta coinníollachta agus bearta comhlántacha trédhearcachta ... 5
IV. Gníomhaíochtaí Rúnaíocht an Chláir Trédhearcachta ... 8
1. Faireachán ar cháilíocht sonraí ... 9
2. Seirbhís Deisce Cabhrach ... 10
3. Imscrúduithe ... 11
4. Cruinniú an Bhoird Bainistíochta, 2022 ... 12
5. Treoraíocht agus múscailt feasachta ... 13
6. Forbairtí teicniúla ... 13
7. Iniúchadh CIE ar bhrústocaireacht a dhéanamh ar phróiseas cinnteoireachta agus beartais AE ... 14
V. Staidreamh ... 14
1. Forbairt an Chláir Trédhearcachta, ... 14
2. Na leasanna a bhfuil ionadaíocht le déanamh orthu; ... 16
3. Sonraí geografacha ... 17
4. Cuairteanna ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédearcachta ... 17
VI. Conclúidí ... 18

# I. Achoimre feidhmiúcháin

Ba í an bhliain 2022 an chéad bhliain de chur chun feidhme iomlán an Chláir Trédhearcachta éigeantaigh agus bliain an-ghníomhach don chlár nua. Tar éis na hidirthréimhse a cuireadh ar fáil do chláraithe chun a gcuid sonraí a leasú, tá an faireachán ar inneachar an chláir dírithe anois ar na cineálacha nua faisnéise a chuireann iarratasóirí agus cláraithe ar fáil.

Is cosúil go bhfuil méadú tagtha ar úsáid an chláir mar uirlis faisnéise agus tagartha le haghaidh gníomhaíochtaí ionadaíochta sainleasa ar leibhéal an Aontais mar thoradh ar an aistriú chuig an gcóras nua. Léirítear leis an méadú atá tagtha ar líon na n-iarratas ar chlárú agus líon méadaithe cuairteanna ar an suíomh gréasáin bliain ar bhliain.

Mar thoradh air sin, tá méadú tagtha ar ghníomhaíochtaí Rúnaíocht an chláir, agus tá méadú (64 %) tagtha ar líon na n-iarrataí díreacha ar chúnamh deisce cabhrach agus méadú ar iarrataí ar an Rúnaíocht páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí múscailte feasachta agus in imeachtaí atá dírithe ar bhaill foirne agus ar gheallsealbhóirí. Rinne an Rúnaíocht leibhéal méadaithe faireacháin spriocdhírithe ar chláraithe (26 % níos airde), rud a bhfuil tábhacht leis. Bhí méadú soiléir freisin ar úsáid na huirlise gearán in 2022 agus líon níos airde imscrúduithe féin a chuir an Rúnaíocht ar bun, rud a léiríonn an leibhéal ard grinnscrúdaithe ar ábhar an bhunachair sonraí.

Leagtar amach na gníomhaíochtaí sin ar bhealach níos mionsonraithe sa tuarascáil.

# II. Réamhrá

Is é an Clár Trédhearcachta an uirlis tagartha don ionadaíocht sainleasa ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Is bunachar sonraí é a bunaíodh chun faisnéis atá cothrom le dáta a chur ar fáil don phobal faoi ghníomhaíochtaí ionadaíochta sainleasa a bhfuil sé mar aidhm leo tionchar a imirt ar phróisis reachtóireachta agus cur chun feidhme beartais institiúidí an Aontais. Cabhraíonn sé le súil a choinneáil ar na leasanna a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu ar na hinstitiúidí, a dhéanann ionadaíocht orthu agus a bhfuil ionadaíocht á déanamh thar a gceann, ar na comhaid reachtacha a ndírítear orthu agus ar na hacmhainní a dhírítear ar na gníomhaíochtaí gaolmhara. Is é sin príomhuirlis an Aontais chun ionadaíocht leasa thrédhearcach eiticiúil a chur chun cinn agus chun oscailteacht agus infheictheacht rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí agus na sochaí sibhialta i bpróiseas cinnteoireachta daonlathach an Aontais a mhéadú.

Oibríonn Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an Clár Trédhearcachta go comhpháirteach, ar bhonn an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh (IIA) a glacadh in 2021[1]. Leis an gComhaontú Idirinstitiúideach, cuirtear Clár Trédhearcachta éigeantach ar bun agus déantar foráil maidir leis na sínitheoirí a bheith ina réamhchoinníoll le haghaidh príomhghníomhaíochtaí brústocaireachta áirithe. Ina theannta sin, leagtar amach ann an fhaisnéis mhionsonraithe a cheanglaítear ar chláraithe a sholáthar sa Chlár Trédhearcachta, chomh maith le cód iompair nach mór dóibh cloí leis.

I gcomhréir le hAirteagal 13 den Chomhaontú Idirinstitiúideach, tá faisnéis fhíorasach sa tuarascáil seo maidir leis an gClár Trédhearcachta, a inneachar agus aon athruithe a tugadh

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach (OJ L 207, 11.6.2021, lch. 1).

isteach le linn na tréimhse tuairiscithe. Tugtar forléargas inti freisin ar na bearta trédhearcachta coinníollachta agus ar na bearta trédhearcachta comhlántacha atá i bhfeidhm faoi láthair sna hinstitiúidí is sínitheoirí.

## 1. Rialachas

Tá struchtúr rialachais dhá leibhéal ar an gClár Trédhearcachta: Bord Bainistíochta a dhéanann formaoirseacht ghinearálta agus treoir ghinearálta maidir leis an gclár agus Rúnaíocht atá i gceannas ar a bhainistiú ó lá go lá.

Déanann an Bord Bainistíochta cur chun feidhme foriomlán an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, tá sé freagrach as riachtanais agus tosaíochtaí bliantúla Chláir Trédhearcachta a aithint, as antuarascáil bhliantúilmaidir lena fheidhmiú a ghlacadh agus as treoracha ginearálta a eisiúint don Rúnaíocht. Tá de chúram air freisin scrúdú agus cinneadh a dhéanamh ar aon iarrataí go ndéanfaí athbhreithniú ar bhearta arna gcur i bhfeidhm ag an Rúnaíocht tar éis imscrúdú.

Is iad Ard-Rúnaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin i bhfochair a chéile an Bord Bainistíochta. Tagann siad le chéile uair sa bhliain ar a laghad agus bíonn an chathaoirleacht ag gach Ard-Rúnaí ar feadh téarma bliantúil. Bhí Ardrúnaí Pharlaimint na hEorpa ina chathaoirleach ar an mBord Bainistíochta in 2022.

Tugann an Rúnaíochttreoraíochtd'ionadaithe sainleasa maidir leis an bpróiseas clárúcháin, déanann sí faireachán agus fíorú ar incháilitheacht na n-iarratas, agus déanann sí seiceálacha ar cháilíocht na faisnéise a thugann na cláraithe. Láimhseálann ségearáinmaidir le sáruithe líomhnaithe ar an gcód iompairag cláraithe agus féadfaidh sé bearta a chur i bhfeidhm i gcás ina gcinnfidh sé nár comhlíonadh an cód go hiomchuí. Ina theannta sin, ullmhaíonn an Rúnaíocht an tuarascáil bhliantúil agus méadaíonn sí feasacht ar an gClár Trédhearcachta (féach Roinn IV).

Tá an Rúnaíocht comhdhéanta d'fhoireann ó na trí institiúid is sínitheoirí, arb ionann iad agus 10 bhfostaí lánaimseartha faoi láthair. Déanann Comhordaitheoir ionadaíocht thar ceann an Bhoird Bainistíochta agus go poiblí, a dhéanann maoirseacht ar na hoibríochtaí laethúla. In 2022, ba é ceann an aonaid atá freagrach as trédhearcacht in Ard-Rúnaíocht an Choimisiúin Comhordaitheoir ainmnithe na Rúnaíochta.

Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le rialachas an Chláir Trédhearcachta le fáil ar ashuíomh gréasáin.

## 2. An clár éigeantach a chur chun feidhme

Ba í 2022 an chéad bhliain de chur chun feidhme iomlán an Chláir Trédhearcachta éigeantaigh, tar éis fhoilsiú na foirme clárúcháin nua i mí Mheán Fómhair 2021 agus tar éis na hidirthréimhse ina dhiaidh sin do chláraithe chun a n-iontrálacha a leasú i gcomhréir leis na ceanglais nua faisnéise.

Rinne an Rúnaíocht maoirseacht ar an aistriú deiridh chuig an gcóras nua, lenar cuireadh síneadh leis an scoithdháta tosaigh ón 20 Márta go dtí an 30 Aibreán 2022 chun go mbeidh a oiread cláraithe in ann cloí leis an gcóras nua agus is féidir. Leasaigh 87 % de na cláraithe sa Chlár Trédhearcachta an 20 Meán Fómhair 2021 a gclárú agus baineadh 1 496 chláraí den

chlár. Beidh an deis ag cláraithe a baineadh anuas iarratas nua ar chlárú a chur isteach sa Chlár Trédhearcachta agus, nuair a chlárófar iad, gheobhaidh siad uimhir aitheantais nua. Mar is amhlaidh le gach iarratas nua, seiceálfaidh an Rúnaíocht incháilitheacht an iarratasóra agus cáilíocht fhoriomlán sonraí na n-iarratas sula ngníomhachtófar an clárú ar an gclár.

Chun feasacht a mhúscailt faoi ionadaithe sainleasa sa chóras nua agus chun clárú na n-ionadaithe sin a éascú, cuireann an Rúnaíocht cúnamh praiticiúil ar fáil tríd an deasc chabhrach agus trí threoir céim ar chéim a thabhairtmaidir leis an bpróiseas clárúcháin agus Ceisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta.

## III. Bearta coinníollachta agus bearta comhlántacha trédhearcachta

Glacfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún araon, trí bhíthin cinntí aonair, bearta coinníollachta trína mbeidh clárú sa Chlár Trédhearcachta ina réamhchoinníoll chun go mbeidh ionadaithe leasa in ann príomhghníomhaíochtaí ionadaíochta leasa áirithe a dhéanamh. Féadfaidh na trí institiúid bearta trédhearcachta comhlántacha a ghlacadh freisin chun an clárúchán a spreagadh tuilleadh agus chun an creat comhpháirteach arna bhunú ag an gComhaontú Idirinstitiúideach a neartú.

Leagtar síos na bearta coinníollachta agus na bearta comhlántacha trédhearcachta atá i bhfeidhm faoi láthair i ngach ceann de na trí institiúid.

Féadfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, chomh maith leis na Ballstáit i ndáil lena mbuanionadaíochtaí chun an Aontais, fógra a thabhairt don Bhord Bainistíochta faoi bhearta coinníollachta nó faoi bhearta trédhearcachta comhlántacha a ghlacann siad agus a iarraidh go bhfoilseofaí iad ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta. In 2022, níor cuireadh na fógraí sin in iúl don Bhord Bainistíochta, ach rinneadh plé ar leibhéal seirbhíse le roinnt comhlachtaí eile de chuid an Aontais mar fhreagairt ar fhiosrúcháin.

Tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit uile beart coinníollachta a chur i bhfeidhm le linn a nUachtaránachta ar an gComhairle agus sna sé mhí roimhe sin, trí chruinnithe a dhéanamh idir a mBuanionadaí agus a Leas-Bhuanionadaí chuig an Aontas agus ionadaithe leasa ar choinníoll go gcláróidh siad sa Chlár Trédhearcachta.

Tá feidhm ag an mbeart coinníollachta sin maidir le cruinnithe a eagraítear leis an mBuanionadaí agus leis an Leas-Bhuanionadaí agus iad ag gníomhú ina gcáil mar Uachtaránacht ghníomhach nó mar Uachtaránacht inteachta ar an gComhairle[2]. Dá bhrí sin, ní ceadmhach d'ionadaithe sainleasa páirt a ghlacadh i gcruinnithe den sórt sin mura bhfuil siad cláraithe. In 2022, bhí feidhm aige sin maidir leis an bhFrainc[3] agus leis an tSeicia[4] toisc go raibh Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh aici, agus leis an tSualainn[5] mar an Uachtaránacht inteachta.

2 https://ec.europa.eu/transparencyregister/public/openFile.do?fileName=Transparency%20register%20-%20Member%20states%27%20political%20declaration.EN.pdf
3 https://ue.delegfrance.org/registre-de-transparence
4 Tá an tSeicia tar éis clárú leis an gClár Trédhearcachta | Buanionadaíocht na Seicia chuig an Aontas Eorpach (mzv.cz).
5 Öppenhetsregistret - Regeringen.se

Tá liosta de na bearta coinníollachta agus trédhearcachta eile atá i bhfeidhm faoi láthair in institiúidí an Aontais ar fáil freisin ar leathanach tiomnaithe shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta.

*Parlaimint na hEorpa*

Agus an ról agus an sainordú sonrach atá acu á chur san áireamh, moltar[6] nach mbuailfeadh Feisirí Pharlaimint na hEorpa ach leis na hionadaithe sainleasa sin atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta. Moltar do na Feisirí go léir freisin na cruinnithe sin a fhoilsiú ar a leathanaigh phróifíle aonair ar shuíomh gréasáin oifigiúil na Parlaiminte.

Ceanglaítear ar rapóirtéirí, ar scáth-rapóirtéirí agus ar chathaoirligh na gcoistí, áfach, na cruinnithe sceidealaithe uile le hionadaithe leasmhara a fhoilsiú do gach tuarascáil pharlaiminteach. Ní mór a thaispeáint sna sonraí arna bhfoilsiú dáta agus cineál an chruinnithe arna thionól, ábhar an chruinnithe, an t-ionadaí sainleasa a bhí i láthair agus ról an Fheisire (i.e. mar rapóirtéir, mar scáthrapóirtéir, mar chathaoirleach coiste nó mar Fheisire nach bhfuil aon fhreagracht shonrach air nó uirthi as an gcomhad). Amhail ón 15 Eanáir 2023, bhí 12 040 cruinniú fógartha ag na Feisirí don bhliain féilire 2022. Ó thús an téarma, tá cruinniú amháin ar a laghad fógartha ag 481 Fheisire, agus rinne 54 acu an cruinniú sin den chéad uair in 2022.

Tá sé riachtanach d'fhoireann na Parlaiminte, agus go deimhin ar státseirbhísigh uile an Aontais, a neamhspleáchas gairmiúil agus pearsanta a choimeád i gcónaí. Dá bhrí sin, ní mór dóibh gníomhú ar bhealach atá comhsheasmhach le neamhspleáchas a bpoist agus moltar dóibh a sheiceáil go bhfuil na hionadaithe sainleasa cláraithe sula mbuailtear leo i gcruinniú nó sula nglactar le cuireadh chun ócáide arna heagrú acu.

Mar bheart coinníollachta, ceanglaítear ar Pharlaimint na hEorpa ionadaithe leasa a chlárú chun páirt a ghlacadh in idirghrúpaí nó i ngníomhaíochtaí neamhoifigiúla grúpaí[7] eile. Éilítear leis freisin[8] go gclárófar cainteoirí ina éisteachtaí coiste roimh an éisteacht. Rud atá tábhachtach, déanann Parlaimint na hEorpa foráil nach féidir ach le hionadaithe sainleasa cláraithe suaitheantais a bhfuil rochtain fhadtéarmach acu ar a háitribh a eisiúint dóibh[9]. Amhail ón 31 Nollaig 2022, as an 12 425 eintiteas atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta, bhí ionadaí creidiúnaithe amháin ar a laghad ag 2 030 eintiteas chuig an bParlaimint. In 2022, bhí creidiúnú gníomhach ag 8 604 duine san iomlán; ar an meán, aistríodh é sin go 4.24 ionadaí in aghaidh na heagraíochta. In 2022, d'eisigh an Pharlaimint 6 131 suaitheantas rochtana d'ionadaithe sainleasa ón gClár Trédhearcachta

Molann Parlaimint na hEorpa go ndéanfadh a foireann seiceáil ar chlárú na n-ionadaithe sainleasa roimh imeachtaí a bheidh ar siúl go hinmheánach. Molann sí freisin dá Feisirí gur cheart ionadaithe sainleasa lena dteastaíonn uathu imeacht a chomh-óstáil nó a chomheagrú in áitreabh Pharlaimint na hEorpa a bheith cláraithe[10].

---

6 Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa ( Riail 11 (2)).
7 Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa: Riail 35 (5).
8 Airteagal 7 de Chinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2003.
9 Riail 123 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.
10 Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 4 Iúil 2016.

*Comhairle an Aontais Eorpaigh*

Mar a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2021/929 ón gComhairle[11], is réamhchoinníoll é clárú sa Chlár Trédhearcachta chun go mbuailfeadh ionadaithe sainleasa le hArd-Rúnaí na Comhairle nó leis na hArd-Stiúrthóirí. Tá feidhm ag an riail chéanna maidir le rannpháirtíocht na n-ionadaithe sainleasa, ina gcáil ghairmiúil, i seisiúin faisnéise théamacha arna n-eagrú ag Ardrúnaíocht na Comhairle (i gcás inarb iomchuí agus tar éis dul i gcomhairle leis an Uachtaránacht) nó mar chainteoirí ag ócáidí arna n-eagrú ag Ardrúnaíocht na Comhairle. Iarrtar ar bhaill foirne freisin dintiúir na n-ionadaithe sainleasa a sheiceáil chun a áirithiú go bhfuil iontráil acu sa Chlár Trédhearcachta. Mura bhfuil sé sin amhlaidh, ba cheart do na baill foirne oiriúnacht na gcruinnithe a bhreithniú go cúramach, agus dul i gcomhairle lena mbainisteoir líne[12].

Mar bheart breise chun trédhearcacht a fheabhsú agus chun clárú a spreagadh, ba cheart iarrataí ar ionadaithe sainleasa freastal ar chruinniú den Chomhairle nó dá comhlachtaí ullmhúcháin a bheith coinníollach ar iad a chlárú sa chlár trédhearcachta. Ba cheart a n-uimhir chlárúcháin a thaifeadadh ar an gclár oibre sealadach. Áirítear sa tuarascáil bhliantúil ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún faisnéis ábhartha faoi fhreastal ionadaithe leasa ar chruinnithe den Chomhairle nó dá comhlachtaí ullmhúcháin[13].

*an Coimisiún Eorpach*

Tá rialacha dochta i bhfeidhm ag an gCoimisiún maidir lena theagmhálacha agus a idirghníomhaíochtaí le hionadaithe sainleasa. Thar aon ní eile, ceanglaíonn sé ar Chomhaltaí uile an Choimisiúin, ar chomhaltaí a hOifige Pearsanta agus ar Ard-Stiúrthóirí an Choimisiúin gan bualadh ach le hionadaithe sainleasa atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta. Ciallaíonn an oibleagáid sin, atá cumhdaithe sa Chód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh[14] agus i Modhanna Oibre[15] an Choimisiúin, gur gá, ionadaí sainleasa a chlárú sula dtarlaíonn na cruinnithe sin.

Comhlánaíonn an Coimisiún a riail 'ní ar an gClár Trédhearcachta, gan aon chruinniú' leis an mbeart trédhearcachta maidir le faisnéis faoi gach cruinniú den sórt sin a fhoilsiú le hionadaithe sainleasa (cláraithe), i gcomhréir le Cinntí 2014/838/AE, Euratom[16] agus 2014/839/AE, Euratom[17]. In 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún faisnéis maidir le cruinnithe[18] a

[11] IO L 207, 11.6.2021, lch. 19.

[12] Nóta foirne CP 35/21 agus Nóta Foirne CP 42/22.

[13] Treoirlínte maidir le freastal ócáideach tríú páirtithe, lena n-áirítear ionadaithe leasa, ag cruinnithe den Chomhairle nó dá comhlachtaí ullmhúcháin, an 22 Iúil 2021.

[14] Airteagal 7 de Chinneadh ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2018 maidir le Cód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh (C(2018) 700), IO C 65, 21.2.2018, lch. 7.

[15] Pointe V de Mhodhanna Oibre an Choimisiúin Eorpaigh.

[16] Cinneadh 2014/838/AE, Euratom ón gCoimisiún an 25 Samhain 2014 maidir le faisnéis a fhoilsiú faoi chruinnithe arna dtionól idir Ard-Stiúrthóirí an Choimisiúin agus eagraíochtaí nó daoine féinfhostaithe, IO L 343, 28.11.2014, lgh. 19-21.

[17] Cinneadh 2014/839/AE, Euratom ón gCoimisiún an 25 Samhain 2014 maidir le faisnéis a fhoilsiú faoi chruinnithe arna dtionól idir Ard-Stiúrthóirí an Choimisiúin agus eagraíochtaí nó daoine féinfhostaithe, IO L 343, 28.11.2014, lgh. 22-24.

[18] Is éard atá san fhaisnéis a chuirtear ar fáil don phobal dáta an chruinnithe, an áit a bhfuil an cruinniú, ainm an Chomhalta den Choimisiún agus/nó ainm Chomhalta na hOifige Príobháidí nó an Ard-Stiúrthóra, ainm an

tionóladh le 2 099 gcláraithe. Bhí 4 416 chruinniú ag na cláraithe sin le Comhaltaí an Choimisiúin agus/nó le comhaltaí dá n-Oifigí Pearsanta agus bhí 686 chruinniú acu le hArd-Stiúrthóirí an Choimisiúin[19]. Tá an fhaisnéis sin, chomh maith le bheith foilsithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin[20], ar fáil freisin ar na hiontrálacha sa Chlár Trédhearcachta do na cláraithe ábhartha mar chomhad PDF in-íoslódáilte. In 2022, chuir an Coimisiún tacair sonraí chomhdhlúite de chruinnithe a tionóladh le hionadaithe leasmhara ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin data.europa.eu i bhformáid meaisín-inléite agus Excel araon. Ligeann sé sin do pháirtithe leasmhara agus don phobal rochtain éasca a bheith acu ar an bhfaisnéis sin ar bhealach cuimsitheach agus a bheith in ann í a phróiseáil chun faisnéis ábhartha a bhaint amach.

Maidir lena riarachán faoi bhun leibhéal an Ard-Stiúrthóra, tá moladh caighdeánach sa Treoirleabhar Praiticiúil ón gCoimisiún maidir le hEitic agus Iompar Foirne dá fhoireann uile chun dintiúir na n-ionadaithe sainleasa a sheiceáil chun a áirithiú go bhfuil iontráil acu sa Chlár Trédhearcachta. Mura bhfuil siad sa Chlár, moltar don fhoireann i gcónaí cuireadh a thabhairt dóibh clárú sula rachaidh siad i mbun aon theagmhála eile.

Ina theannta sin, ní dhéanann an Coimisiún, i gcomhréir lena rialacha ábhartha[21], ach ionadaithe leasa cláraithe a cheapadh do ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin. Tá feidhm ag an gceanglas sin maidir le réamhchlárú maidir le comhaltaí de Chineál ‘B’[22] agus ‘C’[23] araon. Má chuirtear na comhaltaí sin ar fionraí nó má bhaintear den Chlár Trédhearcachta iad, cuireann an Coimisiún ar fionraí iad ón sainghrúpa nó ó na sainghrúpaí a bhfuil siad ina gcomhaltaí de, go dtí go mbeidh a gclárú ar an gClár Trédhearcachta athbhunaithe.

Mar bheart breise chun trédhearcacht a fheabhsú agus chun clárú a spreagadh, cuireann an Coimisiún foláirimh uathoibríocha ar fáil do chláraithe a bhfuil leas sonraithe acu i réimsí beartais ar leith, agus tugann sé fógra dóibh faoi sheoladh comhairliúchán poiblí nó treochlár sna réimsí ábhartha. Déantar ranníocaíochtaí ó chláraithe a phróiseáil ar leithligh ó ranníocaíochtaí freagróirí neamhchláraithe freisin[24].

## IV. Gníomhaíochtaí Rúnaíocht an Chláir Trédhearcachta

In 2022, ba iad seo a leanas na tosaíochtaí bliantúla foriomlána a chinn an Bord Bainistíochta don Chlár Trédhearcachta:

- clár lánoibríochtúil;
- nósanna imeachta inmheánacha a chuíchóiriú;

ionadaí leasa, i.e., an eagraíocht nó an duine féinfhostaithe agus ábhar an chruinnithe. Foilsítear é laistigh de choicís tar éis an chruinnithe.

19 Féadfaidh níos mó ná cruinniú amháin a bheith i gceist leis an gclárai céanna.

20 Go háirithe, leathanaigh ghréasáin thiomnaithe trédhearcachta shuíomhanna gréasáin Chomhaltaí an Choimisiúin, agus Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin faoi seach.

21 Airteagal 8 de Chinneadh ón gComhairle an 30 Bealtaine 2016 lena mbunaítear rialacha cothrománacha maidir le cruthú agus feidhmiú ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin (C(2016) 3301).

22 Daoine aonair a cheaptar chun ionadaíocht a dhéanamh ar leas coiteann atá ag páirtithe leasmhara i réimse beartais ar leith.

23 Eagraíochtaí sa chiall is leithne, lena n-áirítear cuideachtaí, comhlachais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumainn, ollscoileanna, institiúidí taighde, gnólachtaí dlí agus comhairleachtaí.

24 Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr ón gCoimisiún Eorpach (SWD(2017)350), go háirithe Caibidil VII Treoirlínte maidir le Comhairliúchán le Geallsealbhóirí.

- cáilíocht sonraí níos fearr agus slándáil níos fearr d'úsáideoirí an Chláir Trédhearcachta;
- leanúint leis na gníomhaíochtaí múscailte feasachta; agus
- comhar le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) maidir leis an iniúchadh a fógraíodh ar an gClár Trédhearcachta.

D'oibrigh an Rúnaíocht ar na tosaíochtaí bliantúla sin a bhaint amach, lena n-áirítear tríd an idirthréimhse do chláraithe a thabhairt i gcrích, tríd an tseiceáil incháilitheachta a neartú, trí chúnamh na deisce cabhrach a mhéadú agus trí roinnt feabhsuithe a thabhairt isteach ar an ardán TF i gcomhar lena ghníomhaíochtaí laethúla, a shonraítear thíos.

## 1. Faireachán ar cháilíocht sonraí

Tugtar leis an gClár Trédhearcachta léargas ar na gníomhaíochtaí brústocaireachta reatha a rinne ionadaithe sainleasa maidir le timthriallta beartais agus próisis chinnteoireachta institiúidí an Aontais a fhoirmliú nó a chur chun feidhme le déanaí, lena n-áirítear sonraí sonracha maidir leis na príomhthograí reachtacha nó na príomhbheartais ar díríodh orthu. Sin an fáth a bhfuil na sonraí ag athrú go leanúnach, agus cén fáth nach gcláraíonn roinnt ionadaithe sainleasa ach ar feadh tréimhse theoranta, agus go bhféadfadh roinnt eile acu fanacht níos faide sa bhunachar sonraí.

Trí chlárú, geallann ionadaithe leasa go soláthróidh siad faisnéis atá iomlán, cothrom-le dáta agus nach bhfuil míthreorach tráth an chlárúcháin, agus tá siad freagrach ar deireadh as cruinneas a sonraí clárúcháin. Chuige sin, moltar do chláraithe an fhaisnéis a sholáthraítear a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta a luaithe a thagann aon athruithe móra chun cinn agus ní mór dóibh a gclárú a thabhairt cothrom le dáta gach bliain chun fanacht sa Chlár Trédhearcachta.

Ar cheann de phríomhchúraimí na Rúnaíochta tá a n-oibleagáidí a chur i gcuimhne do chláraithe agus an cháilíocht is fearr is féidir a bhaint amach maidir le sonraí sa Chlár Trédhearcachta. I gcomhthéacs a gníomhaíochtaí faireacháin ginearálta in 2022, sheiceáil an Rúnaíocht líon iomlán 6 816 eintiteas[25] a chuir isteach ar chlárú nó a iontráladh cheana sa Chlár Trédhearcachta[26], rud atá níos mó ná dhá oiread líon na seiceálacha a rinneadh an bhliain roimhe sin. Is éard a bhí sna seiceálacha sin scagadh a rinneadh ag céim an iarratais, seiceálacha cáilíochta spriocdhírithe ar eintitis atá cláraithe cheana agus aon seiceálacha breise a rinneadh i gcomhthéacs nósanna imeachta imscrúdaithe.

Céim an Iarratais: Tar éis dheireadh na hidirthréimhse, tá laghdú tagtha ar líon iomlán na gcláraithe ar an iomlán[27] ach tá méadú tagtha ar cháilíocht na faisnéise atá ar fáil sa chlár ag an am céanna. Déanann an Rúnaíocht measúnú ar incháilitheacht agus ar cháilíocht sonraí gach iarratais nua ar chlárú sular féidir iad a bhailíochtú agus a fhoilsiú ar an gclár. Cuidíonn sé sin le hábharthacht agus comhsheasmhacht na sonraí a sholáthraítear a fheabhsú. As an 2 976 iarratas a fuarthas in 2022 (± 8 in aghaidh an lae), glacadh le 1 817 (61 %) agus gníomhachtaíodh iad tar éis an phróisis seiceála, agus i bhformhór na gcásanna ní mór don iarratasóir iad a nuashonrú nó a cheartú.

---

[25] Rinneadh níos mó ná seiceáil amháin ar roinnt eintiteas in 2022 agus, dá bhrí sin, bhí líon iomlán na seiceálacha níos airde.

[26] In 2021, rinneadh 3 360 seiceáil ar an iomlán ar ábhar an chláir, rud a bhí níos ísle mar gheall ar an aistriú chuig an gcóras nua éigeantach.

[27] Laghdú ó 13 366 chláraí an 31 Nollaig 2021 go 12 425 an 31 Nollaig 2022.

Seiceálacha spriocdhírithe: Sa bhreis ar a seiceálacha laethúla, glacann an Rúnaíocht cur chuige níos spriocdhírithe freisin, go háirithe in imthosca ina bhfuil cúis aici lena chreidiúint nach gcuireann clárúcháin an fhaisnéis is gá ar fáil go cruinn. Rinne an Rúnaíocht 4 238 seiceáil cáilíochta spriocdhírithe in 2022. Díobh seo:

- Sholáthair 1 872 sheiceáil cáilíocht shásúil sonraí (44.1 %);
- Rinne 1 492 de na cláraithe a ndeachthas i dteagmháil leo a gclárúchán a thabhairt cothrom le dáta(35.2%);
- Baineadh 578 den chlár tar éis na seiceála, mar gheall ar neamhcháilitheacht nó mar gur mhainnigh siad nuashonrú a dhéanamh (13.6%).
- Bhí 296 acu fós ar feitheamh ag deireadh 2022 (6.9 %).

Ós rud é go ndíríonn na seiceálacha spriocdhírithe ar chlárúcháin inar braitheadh neamhréireacht nó saincheist eile nó inar dócha go mbeidh siad ann, meastar go mbeidh an ráta sonraí dochreidte nó neamhleor le haghaidh na gclárúchán sin ard ón tús. I mí Mheán Fómhair 2022, chuir dhá eagraíocht neamhrialtasacha atá gníomhach maidir le cúrsaí trédhearcachta[28] liosta faoi bhráid na n-institiúidí ina raibh 431 iontráil shonracha de chaiteachas brústocaireachta teannta líomhnaithe nó catagóiriú mícheart na leasanna a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu. Rinne an Rúnaíocht seiceáil chríochnúil ar na hiontrálacha sin go léir[29] maidir leis na saincheisteanna a léiríodh agus aon neamhréireachtaí eile, agus réitigh sí na saincheisteanna a raibh ráta ard rathúlachta ag baint leo (ní raibh ach 3 % ceart ón tús, i 59 % de na cásanna a sholáthair an cláraí nuashonrú sásúil agus baineadh 38 % den chlár).

## 2. Seirbhís Deisce Cabhrach

Cuireann an Rúnaíocht seirbhís deisce cabhrach ar fáil chun gach cineál ceiste faoin gClár Trédhearcachta a fhreagairt trí shuíomh gréasáin ilteangach (Táb'déan teagmháil linn'), atá oscailte d'iarratasóirí agus do chláraithe agus don phobal. Déanann an Rúnaíocht iarracht cúnamh a chur ar fáil chomh tapa agus is féidir — ag freagairt go ginearálta laistigh de 48 n-uair an chloig.

In 2022, d'fhreagair an Rúnaíocht 2 056 fhiosrúchán ina raibh iarrataí ar fhaisnéis faoin gClár Trédhearcachta ó gheallsealbhóirí, ó thaighdeoirí agus ó dhaoine aonair, chomh maith le hiarrataí ar thacaíocht theicniúil agus ar threoir ó iarratasóirí agus ó chláraithe le linn an phróisis chlárúcháin nó nuair a bhí deacrachtaí teicniúla acu. Bhí líon na gceisteanna a fuarthas i bhfad níos airde ná mar a bhí in 2021, rud a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an scéim nua atá i bhfeidhm[30]. Lorg líon an-ard cláraithe cúnamh agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar a gclárú leis an gcóras nua fíordheimhniúcháin EU Login, a tugadh isteach in 2022 chun eispéireas níos sláine a chur ar fáil d'úsáideoirí (féach Roinn 6 maidir le forbairtí teicniúla).

28 An Fhaireachlann um an Eoraip Chorparáideach agus Rialú Brústocaireachta.
29 Cláraíodh na cláraithe go léir lena mbaineann faoin gComhaontú Idirinstitiúideach roimhe seo, i.e., roimh Mheán Fómhair 2021, ach ní bhfuair an Rúnaíocht seiceáil cháilíochta fós ar a gclárú leasaithe a chuireann in oiriúint do na ceanglais faisnéise a eascraíonn as an gcreat dlíthiúil nua.
30 In 2021, d'fhreagair an Rúnaíocht thart ar 1 255 fhiosrúchán agus iarraidh.

## 3. Imscrúduithe

Chomh maith le faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí sa Chlár Trédhearcachta, láimhseálann an Rúnaíocht gearáin isteach agus déanann sí imscrúduithe ar a tionscnamh féin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach. Agus an méid sin á dhéanamh aici, gníomhaíonn an Rúnaíocht i gcomhréir le bunphrionsabail na comhréireachta agus an dea-riaracháin.

Tagraíonn 'gearán' do nós imeachta a bhaineann le líomhaintí a chuirtear faoi bhráid na Rúnaíochta maidir le neamh-chomhlíonadh an chóid iompair ag cláraí. Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann líomhaintí den sórt sin i gcoinne cláraí, féadfaidh sé nó sí gearán a thaisceadh leis an Rúnaíocht ach an fhoirm ábhartha a líonadh ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta agus trí fhianaise thacaíochta a sholáthar.

Tagraíonn 'imscrúdú féintionscnaimh' do nós imeachta trína scrúdaíonn an Rúnaíocht cé acu atá nó nach bhfuil cláraí ar leith incháilithe fanacht ar an gclár, i bhfianaise na faisnéise a fuarthas nó a sainaithníodh, a d'fhéadfadh a léiriú nach bhfuil sé incháilithe fanacht ar an gclár i ngeall ar easpa gníomhaíochtaí ábhartha nó toisc nár comhlíonadh an cód iompair.

In 2022, chuir an Rúnaíocht clabhsúr le cúig ghearán a bhí ar feitheamh ón mbliain roimhe sin, tar éis do na cláraithe lena mbaineann a gclárú a thabhairt cothrom le dáta nó tar éis dóibh mínithe sásúla a thabhairt ar shlí eile.

In 2022, fuair an Rúnaíocht 65 ghearán nua. Leis an líon an-ard gearán sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin[31], léirítear infheictheacht mhéadaitheach an Chláir Trédhearcachta éigeantaigh agus a shásra gearán. As na gearáin sin, fuarthas amach go raibh 10 gcinn díobh neamh-inghlactha, toisc nár bhain siad le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Chláir Trédhearcachta (e.g. gearáin phearsanta nó gearáin a bhaineann le tomhaltóirí). As na 55 ghearán inghlactha, dúnadh 44 gearán in 2022 agus toradh dearfach orthu ó thaobh lánchomhar leis na cláraithe lena mbaineann, agus bhí na 11 ghearán eile fós faoi imscrúdú ag deireadh na bliana. Maidir le níos mó ná leath de na gearáin inghlactha lena mbaineann, líomhnaíodh nár chomhlíon na cláraithe lena mbaineann pointe (f) den chód iompair, ó thaobh chruinneas agus iomláine na faisnéise arna soláthar sa chlárú. Rinne na cláraithe lena mbaineann na cásanna sin a réiteach laistigh den sprioc-am 20 lá oibre tar éis an fógra a fháil.

Cásanna eile a bhaineann le sáruithe líomhnaithe ar phointe (b) den chód, inar gá do chláraithe na cliaint nó na comhaltaí a ndéanann siad ionadaíocht orthu a shonrú. Ó thaobh ionchais an phobail de, is léir go bhfuil imní mhéadaitheach ann faoi na bunleasanna a chuireann aon eagraíocht ar leith chun cinn i dtéarmaí cleamhnachta, ballraíochta agus fiú urraíochta, ar faisnéis í atá le cur ar fáil sa chlárú.

Agus imscrúdú á láimhseáil aici, féachann an Rúnaíocht i gcónaí le hidirphlé cuiditheach a áirithiú leis an gcláraí ábhartha nó leis na cláraithe ábhartha chun na saincheisteanna a sainaithníodh a shoiléiriú agus a réiteach a mhéid is féidir, sula ndéanfar aon bhearta is gá. In 2022, níor mheas an Rúnaíocht gur ghá bearta faoi phointe 8 d'Iarscríbhinn III a chur i bhfeidhm maidir le IIA i gcoinne cláraí.

[31] In 2021, fuair an Rúnaíocht 29 ngearán nua.

In 2022, d'oscail an Rúnaíocht 13 chás féin-imscrúdaithe i gcoinne eintitis chláraithe, a raibh 5 cinn díobh fós ar siúl ag deireadh na bliana.

Go háirithe, i gcomhthéacs na mbeart a glacadh ar leibhéal an Aontais mar fhreagairt ar an gcogadh a rinne an Rúis i gcoinne na hÚcráine, d'eisigh Bord Bainistíochta an Chláir Trédhearcachta, ag an gcruinniú a bhí aige an 12 Iúil 2022, treoracha ginearálta don Rúnaíocht chun imscrúdú a dhéanamh ar na hionadaithe leasa cláraithe uile a bhfuil a gceanncheathrú i gCónaidhm na Rúise as sárú féideartha ar phointe (e)[32] den chód iompair, agus chun a gclárú a chur ar fionraí mar bheart réamhchúraim. Chuir an Rúnaíocht tús le himscrúduithe maidir le deichniúr cláraithe sa chomhthéacs sin. Faoi dheireadh na bliana, bhí deireadh curtha le 7 gcinn de na himscrúduithe sin, agus cuireadh deireadh leis an bhfionraí maidir le beirt chláraithe, agus bhain na cláraithe eile a gcuid clárúchán dá dtoil féin amach nó measadh go raibh siad neamh-incháilithe chun fanacht ar an gclár.  Dúnadh na cásanna uile ag tús 2023.

I bhfianaise an chomhthéacs idirnáisiúnta sin, d'ardaigh an Rúnaíocht feasacht ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta i gCinneadh (CBES) 2022/884 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 153, 3.6.2022, lch. 128) agus a ábhartha atá sé d'iarratasóirí agus do chláraithe. D'fhéadfadh an cinneadh sin difear a dhéanamh d'ionadaithe leasa a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin gnó agus bainistíochta nó seirbhísí caidrimh phoiblí do Rialtas na Rúise nó do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

## 4. Cruinniú an Bhoird Bainistíochta, 2022

D'ullmhaigh an Rúnaíocht an dara cruinniú den Bhord Bainistíochta, a tionóladh an 12 Iúil 2022. Ag an gcruinniú sin, rinne an Bord Bainistíochta na cinntí seo a leanas:

- dhearbhaigh siad an uainíocht cathaoirleachta a comhaontaíodh ag an gcéad chruinniú a bhí aici agus cathaoirleacht na Comhairle ar an mBord Bainistíochta in 2023;
- ceann an aonaid atá freagrach as saincheisteanna trédhearcachta a athcheapadh ag an gCoimisiún mar Chomhordaitheoir na Rúnaíochta le haghaidh téarma breise bliana, go dtí deireadh 2023;
- an tuarascáil bhliantúil le haghaidh 2021 a ghlacadh, chomhaontaigh sé í a chur faoi bhráid na n-institiúidí is sínitheoirí agus í a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta;
- na tosaíochtaí bliantúla don Chlár Trédhearcachta in 2023 a chinneadh, mar aon leis na meastacháin bhuiséadacha agus an sciar de chur chun feidhme na dtosaíochtaí sin le haghaidh gach institiúide is sínitheoir[33];
- measúnú na Rúnaíochta ar an ardán TF 10 mbliana d'aois a thacaíonn le feidhmiú an Chláir Trédhearcachta a thabhairt dá haire agus treoir a thabhairt don Rúnaíocht tionscadal a sheoladh chun an uirlis a athchóiriú ina hiomláine;
- na treoracha ginearálta dá dtagraítear thuas a eisiúint chuig an Rúnaíocht.

[32] (e) ní dhéanfaidh siad damáiste do chlú an chláir ná ní dhéanfaidh siad dochar d'institiúidí an Aontais, ná ní úsáidfidh siad a lógónna gan údarú sainráite (Iarscríbhinn I a ghabhann le IIA).

[33] Tá na meastacháin ar an mbuiséad le fáil ar an suíomh gréasáin don bhliain 2023. Comhaontaíodh na scaireanna seo a leanas: an Coimisiún: 57%; An Pharlaimint 33%; An Chomhairle: 10%.

Foilsítear na doiciméid uile a bhaineann le cruinniú an Bhoird Bainistíochta, lena n-áirítear clár oibre agus miontuairiscí an chruinnithe, ar anbhfoleathanach rialachais de shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta.

## 5. Treoraíocht agus múscailt feasachta

Eisíonn an Rúnaíocht treoir chun forálacha áirithe IIA a shoiléiriú agus a mhíniú ar bhealach níos mionsonraithe. Is toradh í an treoraíocht sin ar mhalartuithe rialta le geallsealbhóirí agus is é is aidhm léi tacú le cláraithe ina n-iarrachtaí faisnéis chruinn a thabhairt agus gnáthbhotúin a sheachaint.

Agus a gníomhaíochtaí faireacháin á ndéanamh aici, féadfaidh an Rúnaíocht cuireadh a thabhairt d'eintitis clárú sa Chlár Trédhearcachta, i gcás inarb ábhartha. Déanann an Rúnaíocht gníomhaíochtaí rialta cumarsáide agus múscailte feasachta chun feasacht a mhúscailt i measc na ngeallsealbhóirí maidir leis an uirlis. Áiríodh leis sin in 2022 seisiúin faisnéise agus malartuithe a reáchtáladh le páirtithe leasmhara éagsúla[34] agus le mic léinn ollscoile[35] chomh maith le teagmhálacha agus malartú dea-chleachtais le comhlachtaí comhchosúla ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal Eorpach[36].

Rinne na trí institiúid iarrachtaí breise chun feasacht a mhúscailt maidir leis an gClár Trédhearcachta laistigh de gach institiúid, trí sheisiúin thiomnaithe faisnéise agus oiliúna don fhoireann[37].

## 6. Forbairtí teicniúla

Comhordaíonn an Rúnaíocht forbairt réiteach TF chun feabhas a chur ar an gClár Trédhearcachta.

Ón 3 Deireadh Fómhair 2022 i leith, thug an Rúnaíocht EU Login isteach mar mhodh fíordheimhnithe níos sláine d'úsáideoirí an Chláir Trédhearcachta. Is é EU Login an uirlis fíordheimhniúcháin a úsáidtear anois le haghaidh roinnt feidhmchlár agus córas de chuid an Aontais. Cuireann sé le slándáil rochtana trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht a forbraíodh agus

34 Comhlachas Comhlachtaí Comhairleoireachta Gnóthaí Poiblí na hEorpa (EPACA), Cumann Gairmithe Gnóthaí Eorpacha (SEAP), an Lárionad Eorpach um Ghnóthaí Poiblí (ECPA), Toscaireacht na hAfraice Thoir Freshfel, an Chomhairle Gnóthaí Poiblí (PAC), Auge Consultorio (EUVP), agus Expertisecentrum Europa.

35 Ollscoil Maastricht (Mic Léinn MA an Léinn Eorpaigh agus Dámh na nDán agus na nEolaíochtaí Sóisialta), Université de Rennes, Institiúid Chéimithe na Ginéive, Katholieke Universiteit Leuven agus Hochschule Osnabrück.

36 Ard-Údarás na Fraince um Thrédhearcacht sa Saol Poiblí (HATVP), Líonra na gCláraitheoirí um Brústocaireacht Eorpach (ELRN), foireann pharlaimint na mBalcán, Údarás Trédhearcachta Heilléanach, Seanad na Fraince agus Landtag Thüringen.

37 Áirítear leis sin 26 sheisiún faisnéise maidir le hionadaíocht spéise don fhoireann agus do chúntóirí creidiúnaithe i bParlaimint na hEorpa. Chuir an Coimisiún 5 sheisiún oiliúna den chineál sin ar fáil dá fhoireann féin chomh maith le láithreoireachtaí saincheaptha d'Oifigí Príobháideacha Chomhaltaí an Choimisiúin agus dá líonra de phointí teagmhála trédhearcachta agus eitice. Sa Chomhairle, tugadh faoi shraith gníomhaíochtaí cumarsáide agus múscailte feasachta chun an Comhaontú Idirinstitiúideach agus cur chun feidhme praiticiúil Chinneadh (AE) 2021/929 ón gComhairle a mhíniú, go háirithe i gcás bainisteoirí. Chuir foireann na Rúnaíochta cúrsa tiomnaithe múscailte feasachta/oiliúna ar fáil do bhainisteoirí agus do bhaill foirne ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais ar ardán Mhol Ceaptha Beartais an Choimisiúin.

a chothabháil i gcónaí ag foireann speisialtóirí slándála. Feabhsaíonn an modh nua fíordheimhnithe slándáil chóras an Chláir Trédhearcachta, trí aitheantas pearsanta a chur in ionad an chuntais chomhroinnte aonair a bhí ann roimhe sin in aghaidh na heagraíochta, bunaithe ar chuntais úsáideora gach úsáideora ar leith. Cuireadh bearta cosanta breise chun feidhme, amhail beartas pasfhocail níos sriantaí agus fíordheimhniú 2 fhachtóir. Chun an t-aistriú chuig an gcóras nua fíordheimhnithe a éascú, d'fhoilsigh an Rúnaíocht Ceisteanna Coitianta mionsonraithe ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta.

In 2022, de thoradh treoracha a fuarthas ón mBord Bainistíochta, rinne an Rúnaíocht measúnú mionsonraithe ar fheidhmíocht an ardáin TF don Chlár Trédhearcachta, trí Mheitheal TF ad hoc a bhunú ina mbeidh seirbhísí ábhartha TF na dtrí institiúid. Is é an moladh a tháinig as sin ardán digiteach úrscothach nua a chur in ionad bhonneagar an Chláir Trédhearcachta chun oiriúnú do chaighdeáin chomhaimseartha teicneolaíochta agus slándála faisnéise agus chun eispéireas úsáideoirí a fheabhsú. Cuireadh tús leis an measúnú ar na riachtanais ghnó don chóras nua, atá le forbairt sna blianta amach romhainn, ag deireadh 2022.

### 7. Iniúchadh CIE ar bhrústocaireacht a dhéanamh ar phróiseas cinnteoireachta agus beartais AE

Tá Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ag tabhairt faoi iniúchadh mionsonraithe ar an gClár Trédhearcachta, dar teideal 'Brústocaireacht ar rialaitheoirí' chun a mheas an uirlis éifeachtach é an Clár Trédhearcachta chun trédhearcacht gníomhaíochtaí brústocaireachta i bpróiseas ceaptha beartas AE a áirithiú. Chomhoibrigh an Rúnaíocht leis na hiniúchóirí ó thús na hiniúchóireachta an 14 Iúil 2022, chun an fhaisnéis agus an tacaíocht uile is gá a chur ar fáil agus chun cuidiú lena áirithiú go dtiocfaidh moltaí úsáideacha agus ionchur as toradh an iniúchta chun an clár a fhorbairt tuilleadh. Táthar ag súil go bhfoilseofar torthaí an iniúchta i bhfómhar 2023[38].


## V. Staidreamh

Le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh, athraíodh tíopeolaíocht na gcláraithe atá ar an gClár Trédhearcachta. Déantar na cláraithe a eagrú anois i dtrí phríomhchineál leasa a ndéantar ionadaíocht orthu, agus tá bandaí faisnéise airgeadais comhfhreagracha éagsúla infheidhme maidir le gach catagóir.


### 1. Forbairt an Chláir Trédhearcachta,

Tá méadú leanúnach tagtha ar mhéid an Chláir Trédhearcachta[39] ón uair a bunaíodh é mar bhunachar sonraí poiblí comhpháirteach de chuid Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh go dtí an scéim éigeantach thrípháirteach atá ann faoi láthair. Tar éis an IIA nua a chur chun feidhme, áfach, mhoilligh an treocht sin. Go háirithe, mar thoradh ar an aistriú agus ar an méadú ar na seiceálacha incháilitheachta, tháinig laghdú suntasach ar líon iomlán na gcláraithe, ó 13 366 go 12 425 ag deireadh 2022.


[38] Féach Clár Oibre 2023 CIE: https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/WP2023/WP2023_GA.pdf.
[39] Ag ardú go 13 366 chláraithe an 31 Nollaig 2021.




Léirítear sa chairt thíos na hathruithe ar líon na gclárúchán nua, lena gcumhdaítear na hionadaithe leasa a cláraíodh thar thréimhse 12 mhí, idir an 1 Eanáir 2022 agus an 31 Nollaig 2022, agus a bhí fós gníomhach ag deireadh na tréimhse sin. Ní mór líon níos ísle na gcláraithe nua in 2022 a chur i gcomparáid leis an líon iomlán de 2 976 iarratas a fuair an Rúnaíocht in 2022 (± 8 in aghaidh an lae), ós rud é nár glacadh ach 1 817 (61 %) agus nár gníomhachtaigh ach 1 817 (61 %) tar éis seiceáil incháilitheachta a dhéanamh. Mar thoradh ar an tseiceáil bhreise ag céim an iarratais, tá ráta fáis níos moille ann ó thaobh cláraithe nua i gcomparáid leis na blianta roimhe sin.



## 2. Na leasanna a bhfuil ionadaíocht le déanamh orthu;





Miondealaíodh na cláraithe nua sin sna ranna seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Comhairleachtaí gairmiúla | 552 |
| Gnólachtaí dlí | 84 |
| Sainchomhairleoirí féinfhostaithe | 143 |
| Cuideachtaí agus grúpaí | 3 035 |
| Comhlachais trádála agus ghnó | 2 630 |
| Ceardchumainn agus comhlachais ghairmiúla | 967 |
| Eagraíochtaí, ardáin agus líonraí neamhrialtasacha agus a leithéidí | 3 483 |
| Meithleacha smaointe agus institiúidí taighde | 561 |
| Institiúidí acadúla | 315 |
| Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar eaglaisí agus ar phobail reiligiúnacha | 51 |
| Comhlachais agus líonraí de na húdaráis phoiblí | 161 |
| Eintitis, oifigí nó líonraí arna mbunú ag tríú tíortha | 2 |
| Eagraíochtaí eile, eintitis phoiblí nó mheasctha | 441 |

## 3. Sonraí geografacha

Níl clárú ar an gClár Trédhearcachta teoranta d'ionadaithe sainleasa atá bunaithe san Aontas, cé go ndéanann an grúpa is mó ionadaithe sainleasa a gcuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích i mbunaíocht sa Bheilg. Is dócha go mbeidh sin amhlaidh toisc go bhfuil institiúidí an Aontais lonnaithe sa Bhruiséil. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil tionchar ag raon feidhme reachtaíocht agus bheartas an Aontais ar dhaoine aonair agus ar ghnólachtaí lasmuigh den Aontas agus go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar thrádáil agus ar chaidreamh seachtrach eile lasmuigh de theorainneacha na 27 mBallstát, léirítear an tionchar domhanda sin sa Chlár Trédhearcachta freisin.




## 4. Cuairteanna ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédearcachta

In 2022, tháinig méadú suntasach ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta, agus 431 345 chuairt ar an iomlán[40]. Chun críoch an fhorléargais staidrimh sin, sainmhínítear 'cuairt' mar chuairteoir a bhfuil rochtain á fáil aige nó aici den chéad uair ar an suíomh gréasáin. Má fhanann an cuairteoir céanna ar leathanach amháin níos mó ná 30 nóiméad tar éis féachaint ar an leathanaigh deiridh, meastar gur cuairt nua é sin. Ar an meán, is é an miondealú atá air sin go dtugtar 36 000 cuairt ar an suíomh in aghaidh na míosa.

Bhain thart ar 71% díobh siúd a thug cuairt ar an suíomh gréasáin úsáid as an bhfeidhm chuardaigh as Béarla; tugadh cuairt ar an leathanach baile Béarla thar aon cheann eile, agus ina dhiaidh sin, in ord íslitheach, ar na leathanaigh bhaile as Fraincis, as Gearmáinis, as Spáinnis agus as Iodáilis. Tagann beagnach 85% de na cuairteanna ó úsáideoirí san Eoraip, agus ina dhiaidh sin tagann 10% de na cuairteanna as Meiriceá Thuaidh. Laistigh den Eoraip, tháinig 25.5 % de na cuairteanna ar an suíomh gréasáin sa Bheilg, agus ina dhiaidh sin sa Ghearmáin (11 %), sa Fhrainc (9.5 %) agus sa Ríocht Aontaithe (6.5 %).

[40] Tá sé sin i gcomparáid le 326 700 cuairt in 2021.

In 2022, ba é tacar sonraí comhdhlúite an Chláir Trédhearcachta a aistríodh chuig data.europe.euan 11ú tacar sonraí ba mhó a mbreathnaítear air as measc breis agus 1 500 000[41] tacar sonraí a foilsíodh ansin. Leis na tacair sonraí cuirtear ar chumas úsáideoirí an liosta de na daoine atá creidiúnaithe chun rochtain a fháil ar áitribh Pharlaimint na hEorpa agus an liosta de na heagraíochtaí atá agus a bhí ar an gClár Trédhearcachta le tamall de bhlianta a íoslódáil (i bhformáid xml nó Excel).

## VI. Conclúidí

Bhí an bhliain 2022 an-ghníomhach don Chlár Trédhearcachta. Mar thoradh ar an gcóras éigeantach nua, tá méadú tagtha ar úsáid an chláir mar uirlis faisnéise agus tagartha chun gníomhaíochtaí ionadaíochta sainleasa a dhéantar ar leibhéal an Aontais a leanúint. Is féidir é sin a fheiceáil sa mhéadú ar iarratais ar chlárú agus ar líon méadaithe na gcuairteanna ar shuíomh gréasáin an chláir, fiú má tá moill fhoriomlán tagtha ar ráta fáis na n-eagraíochtaí cláraithe agus na n-eintiteas eile. Dá réir sin, bhí bliain an-ghnóthach ag an Rúnaíocht ó thaobh iarrataí díreacha ar chúnamh deisce cabhrach, ar ghníomhaíochtaí cumarsáide agus múscailte feasachta, ar fhaireachán ar cháilíocht sonraí agus ar imscrúduithe ar chláraithe.

Thug an Rúnaíocht tosaíochtaí bliantúla an chláir amach, lena n-áirítear tríd an idirthréimhse do chláraithe a thabhairt chun críche, tríd an tseiceáil incháilitheachta a neartú, trí chúnamh na deisce cabhrach a mhéadú agus trí roinnt feabhsuithe a thabhairt isteach ar an ardán TF i gcomhar lena ghníomhaíochtaí laethúla, a shonraítear sa tuarascáil.

Mar uirlis phoiblí, tá ról tábhachtach ag an gClár Trédhearcachta maidir le muinín an phobail a chaomhnú agus cuntasacht a neartú, laistigh de bheartas trédhearcachta níos leithne institiúidí an Aontais, agus maidir le tiomantas coiteann institiúidí an Aontais a thaispeáint maidir le hionadaíocht leasa thrédhearcach eiticiúil a chur chun cinn, rud atá tábhachtach go háirithe sa chomhthéacs reatha.

[41] Tacair sonraí ó institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, ó na Ballstáit agus ó thíortha eile, chomh maith le húdaráis áitiúla áirithe.